EBA/GL/2024/16

18/12/2024

# Treoirlínte

## maidir le teimpléid chun cabhrú le húdaráis inniúla a ndualgais mhaoirseachta a chomhlíonadh maidir le comhlíonadh eisitheoirí faoi Theideal III agus Teideal IV de Rialachán (AE) 2023/1114

# 1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

## Stádas na dTreoirlínte seo

1. Tá treoirlínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010[1]. I gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte a chomhlíonadh.

2. Sna treoirlínte leagtar amach tuairim ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir le conas ba cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla na treoirlínte sin a chomhlíonadh trína n-ionchorprú ina gcleachtais de réir mar is iomchuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), lena n-áirítear i gcás ina bhfuil treoirlínte dírithe go príomha ar institiúidí.

## Ceanglais maidir le tuairisciú

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt do ÚBE maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna a sholáthar le neamhchomhlíonadh ar shlí eile, faoi 26.05.2025. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE a chur isteach agus an tagairt 'EBA/GL/2024/16' a lua. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú. Ní mór aon athrú ar stádas an chomhlíonta a thuairisciú do ÚBE chomh maith.

4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

# 2. Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

## Ábhar

5. Sonraítear sna Treoirlínte seo an t-ábhar agus na formáidí comhionanna chun faisnéis a chur isteach arna n-úsáid ag údaráis inniúla agus a gcumhachtaí maoirseachta á bhfeidhmiú acu faoi Airteagal 94(1)(a) agus Teideal III agus Teideal IV de Rialachán (AE) 2023/1114 [2] agus ag ÚBE agus a chumhachtaí maoirseachta á bhfeidhmiú aige faoi Airteagal 122 den Rialachán sin.

## Raon feidhme

6. Tá feidhm ag na Treoirlínte seo maidir le cumhachtaí maoirseachta na n-údarás inniúil a fheidhmiú i gcomhthéacs a áirithiú go gcomhlíonfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha (ARTanna) agus comharthaí ríomh-airgid (EMTanna) na ceanglais a leagtar amach i dTeideal III agus i dTeideal IV de Rialachán (AE) 2023/1114.

## Seolaithe

7. Tá na Treoirlínte seo dírithe ar údaráis inniúla mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (35), de Rialachán (AE) 2023/1114. Tá na Treoirlínte seo dírithe freisin ar eisitheoirí ARTanna agus ar eisitheoirí EMTanna.

## Sainmhínithe

8. Mura sonraítear a mhalairt, tá an bhrí chéanna sna Treoirlínte ag téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2023/1114.

[2] Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoir 2013/36/AE agus Treoir (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch 40).

# 3. Cur chun feidhme

## Dáta cur i bhfeidhm

9. Beidh feidhm ag na Treoirlínte seo ó 26.05.2025.

# 4. Teimpléid, minicíocht agus formáid

## 4.1 Teimpléid d'eisitheoirí ARTanna agus EMTanna

### Faisnéis chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas cistí dílse

10. Chun críocha faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas cistí dílse i gcomhréir le hAirteagal 35 agus le hAirteagal 58 de Rialachán (AE) 2023/1114, ba cheart d'eisitheoirí ARTanna agus EMTanna atá faoi réir ceanglas cistí dílse an fhaisnéis atá leagtha síos i dteimpléad S 09.01 agus i dteimpléad S 09.02 d'Iarscríbhinn I, arna comhlánú i gcomhréir leis na treoracha a leagtar amach in Iarscríbhinn II, a thuairisciú don údarás inniúil.

### Faisnéis chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas maidir leis an gcúlchiste sócmhainní agus leachtachta chomh maith leis na ceanglais is infheidhme maidir le hinfheistíocht na gcistí a fhaightear mar mhalairt ar na EMTanna

11. Chun críocha faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas maidir leis an gcúlchiste sócmhainní agus leachtachta i gcomhréir le hAirteagal 36, Airteagal 37, Airteagal 38 agus Airteagal 58 de Rialachán (AE) 2023/1114:

    a. eisitheoirí ARTanna, institiúidí ríomh-airgid a eisíonn EMTanna suntasacha agus institiúidí ríomh-airgid a eisíonn EMTanna neamhshuntasacha a gceanglaíonn an t-údarás inniúil orthu cúlchiste sócmhainní a bheith acu, ba cheart dóibh an fhaisnéis maidir leis an margadhluach, nó, i gcás inarb infheidhme, maidir le méid na sócmhainní, na n-insreafaí agus na n-eis-sreafaí in aghaidh an chomhartha a thuairisciú don údarás inniúil mar a shonraítear a thuilleadh i dteimpléad S 03.03 d'Iarscríbhinn I, arna chomhlánú i gcomhréir leis na treoracha a leagtar amach in Iarscríbhinn II;

    b. ina theannta sin, ba cheart d'eisitheoirí EMTanna atá ainmnithe in airgeadra ar airgeadra oifigiúil de chuid Ballstáit é atá faoi réir an cheanglais cúlchiste sócmhainní a shealbhú de bhun Airteagal 58(1) agus Airteagal 58(2) de Rialachán (AE) 2023/1114 an fhaisnéis a leagtar síos i dteimpléad S 03.01 agus i dteimpléad S 03.02 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2902 ón gCoimisiún a thuairisciú don údarás inniúil[3], arna comhlánú i gcomhréir leis na treoracha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin.

[3] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2902 ón gCoimisiún an 20 Samhain 2024 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i ndáil le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tuairisciú a bhaineann le comharthaí sócmhainn-tagartha agus le comharthaí ríomh-airgid atá ainmnithe in airgeadra nach airgeadra oifigiúil de chuid Ballstáit é (IO L, 2024/2902, 28.11.2024).

12. Chun críocha faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas is infheidhme maidir le hinfheistíocht cistí a fhaightear mar mhalairt ar EMTanna i gcomhréir le hAirteagal 54 de Rialachán (AE) 2023/1114, ba cheart d'eisitheoirí EMTanna nach bhfuil faoi réir an cheanglais cúlchiste sócmhainní a shealbhú an fhaisnéis a leagtar síos i dteimpléad S 03.03 d'Iarscríbhinn I, arna comhlánú i gcomhréir leis na treoracha a leagtar amach in Iarscríbhinn II, a thuairisciú don údarás inniúil.

## Faisnéis atá riachtanach don mheasúnú ar shuntas

13. Chun críocha a áirithiú go mbeidh na húdaráis inniúla in ann na sonraí ábhartha a sholáthar do ÚBE chun measúnú a dhéanamh ar na critéir shuntais a shonraítear in Airteagal 43 agus in Airteagal 56 de Rialachán (AE) 2023/1114:

    a. Ba cheart d'eisitheoirí ARTanna agus EMTanna an fhaisnéis a leagtar síos i dteimpléad S 10.01, i dteimpléad S 10.02 agus i dteimpléad S 10.03 d'Iarscríbhinn I, arna comhlánú i gcomhréir leis na treoracha a leagtar amach in Iarscríbhinn II, a thuairisciú don údarás inniúil.

    b. Ina theannta sin, ba cheart d'eisitheoirí EMTanna atá ainmnithe in airgeadra ar airgeadra oifigiúil de chuid Ballstáit é an fhaisnéis a leagtar síos i dteimpléad S 01.00, i dteimpléad S 02.00, i dteimpléad S 04.01, i dteimpléad S 04.02, i dteimpléad S 04.03 agus i dteimpléad S 04.04 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2902 ón gCoimisiún, arna comhlánú i gcomhréir leis na treoracha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin, a thuairisciú don údarás inniúil.

14. Áirítear san fhaisnéis is gá don mheasúnú ar shuntas an fhaisnéis a leagtar síos i dteimpléad S 03.01 agus i dteimpléad S 03.02 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2902 ón gCoimisiún agus i dteimpléad S 03.03 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Treoirlínte seo, arna comhlánú i gcomhréir leis na treoracha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin agus in Iarscríbhinn II a ghabhann leis na Treoirlínte seo.

## Faisnéis is gá tar éis ART nó EMT a aicmiú mar chomhartha suntasach

15. Tar éis fógra a fháil faoi chinneadh críochnaitheach ÚBE maidir leis an measúnú ar shuntas, agus i gcás ina n-aistrítear na freagrachtaí maoirseachta maidir le heisitheoir nó eisitheoirí an ART nó EMT chuig ÚBE, úsáidfidh ÚBE na teimpléid agus na treoracha dá dtagraítear i mír 10, mír 11, mír 12 agus  mír 13 chun na sonraí is gá a bhailiú chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas maidir le cistí dílse, an cúlchiste sócmhainní agus leachtachta agus chun an t-athmheasúnú bliantúil ar shuntas a dhéanamh de bhun Airteagal 43(8) agus Airteagal 56(8) de Rialachán (AE) 2023/1114.

## 4.2 Comhréireacht, minicíocht agus formáid

16. Chun cur i bhfeidhm comhréireach na dTreoirlínte a áirithiú, ba cheart do na húdaráis inniúla an fhaisnéis a leagtar síos i dteimpléad S 01.00, teimpléad S 02.00, teimpléad S 03.01, teimpléad S 03.02, teimpléad S 04.01, teimpléad S 04.02, teimpléad S 04.03 agus teimpléad S 04.04 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2902 ón gCoimisiún a bhailiú ó eisitheoirí EMTanna atá ainmnithe in airgeadra ar airgeadra oifigiúil Ballstáit é, agus i dteimpléad S 03.03, teimpléad S 10.01, teimpléad S 10.02 agus teimpléad S 10.03 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Treoirlínte seo ó eisitheoirí ARTanna agus EMTanna a bhfuil luach eisiúna níos airde ná EUR 100 000 000 acu.

17. Féadfaidh údaráis inniúla a cheangal ar eisitheoirí ar lú a luach eisiúna ná EUR 100 000 000 na sonraí a áirítear sna teimpléid a luaitear sa mhír roimhe seo a thuairisciú. I gcásanna den sórt sin, ba cheart d'eisitheoirí na teimpléid agus na treoracha céanna a úsáid mar a leagtar síos in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II a ghabhann leis na Treoirlínte seo agus in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2902 ón gCoimisiún.

18. Ba cheart d'eisitheoirí an fhaisnéis a leagtar síos i mír 10, mír 11, mír 12 agus mír 13 de na Treoirlínte seo a chur isteach ar bhonn ráithiúil, ar na dátaí tagartha agus íocaíochta seo a leanas:

    a. dátaí tagartha ráithiúla maidir le tuairisciú: 31 Márta, 30 Meitheamh, 30 Meán Fómhair agus 31 Nollaig;

    b. dátaí íocaíochta ráithiúla maidir le tuairisciú: 12 Bealtaine, 11 Lúnasa, 11 Samhain agus 11 Feabhra.

19. Chun críocha tuairiscithe de réir mhír 15, cuirfear an fhaisnéis a áirítear i mír 10, mír 11, mír 12 agus mír 13 de na Treoirlínte seo faoi bhráid ÚBE ar bhonn ráithiúil, ar na dátaí tagartha agus íocaíochta céanna a leagtar síos sa mhír roimhe seo.

20. Ba cheart gurb é an 30 Meitheamh 2025 an chéad dáta tagartha chun an fhaisnéis atá i dteimpléad S 09.01 agus i dteimpléad S 09.02 d'Iarscríbhinn I a thuairisciú.

21. Ba cheart gurb é an chéad dáta tagartha chun an fhaisnéis a áirítear i dteimpléad S 01.00, teimpléad S 02.00, teimpléad S 03.01, teimpléad S 03.02, teimpléad S 04.01, teimpléad S 04.02, teimpléad S 04.03 agus teimpléad S 04.04 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2902 ón gCoimisiún a thuairisciú d'eisitheoirí EMTanna arna n-ainmniú in airgeadra ar airgeadra oifigiúil de chuid Ballstáit é, agus i dteimpléad S 03.03, teimpléad S 10.01, teimpléad S 10.02 agus teimpléad S 10.03 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Treoirlínte seo d'eisitheoirí ARTanna agus EMTanna, an ceann a chomhfhreagraíonn don ráithe ina bhfuil luach eisiúna an ART nó an EMT níos airde ná an

tairseach dá dtagraítear i mír 16 nó inar cheangail an t-údarás inniúil ar eisitheoirí an fhaisnéis sin a thuairisciú.

22. De mhaolú ar mhír 18, ba cheart gurb é an 1 Meán Fómhair 2025 an dáta íocaíochta chun na teimpléid ina bhfuil an dáta tagartha an 30 Meitheamh 2025 a chur isteach.

23. Is é a bheidh sa dáta tagartha deireanach an dáta a chomhfhreagraíonn don tríú ráithe as a chéile ina bhfuil luach eisiúna an chomhartha sócmhainn-tagartha níos ísle ná an tairseach dá dtagraítear i mír 16.

24. Ba cheart d'eisitheoirí an fhaisnéis dá dtagraítear sna Treoirlínte seo a chur isteach sna formáidí malartaithe sonraí agus sna huiríll a shonraíonn na húdaráis inniúla, agus i gcomhréir leis an sainmhíniú ar phointe sonraí atá le fáil sa tsamhail pointe sonraí agus do na foirmlí bailíochtaithe a shonraítear in Iarscríbhinn V chomh maith leis na sonraíochtaí seo a leanas:

    a. Níor cheart faisnéis nach gceanglaítear ná nach bhfuil infheidhme a chur san áireamh sna sonraí atá á gcur isteach.

    b. Cuirfear luachanna uimhriúla isteach mar fhíricí de réir an mhéid seo a leanas:

        i. déanfar pointí sonraí a bhfuil an cineál sonraí 'Airgeadaíoch' ag gabháil leo a thuairisciú trí úsáid a bhaint as beachtas íosta atá coibhéiseach le deich mílte aonad;

        ii. déanfar pointí sonraí a bhfuil an cineál sonraí 'Slánuimhir' ag gabháil leo a thuairisciú gan aon deachúil a úsáid agus beachtas atá coibhéiseach le haonaid.

    c. Ba cheart d'údaráis inniúla a cheangal ar eisitheoirí ARTanna agus EMTanna na sonraí arna gcur isteach i gcomhréir leis na Treoirlínte seo a chomhcheangal leis an bhfaisnéis a liostaítear agus a shonraítear faoi mhír 8 d'Iarscríbhinn II.

## 4.3 Teimpléid chun an fhaisnéis is gá a bhailiú ó sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní

25. Chun críocha na bpointí sonraí a leagtar síos sna Treoirlínte seo a chur isteach, ba cheart d'eisitheoirí a cheangal ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní (SSCSanna) a sholáthraíonn seirbhísí a bhaineann le ARTanna agus EMTanna an fhaisnéis is gá a sholáthar dóibh chun cur isteach na bpointí sonraí dá dtagraítear sna Treoirlínte seo a ullmhú.

26. Chun an fhaisnéis is gá a bhailiú ó na SSCSanna ábhartha, ba cheart d'eisitheoirí EMTanna atá ainmnithe in airgeadra ar airgeadra oifigiúil de chuid Ballstáit é na teimpléid agus na treoracha seo a leanas a sholáthar dóibh:

a. teimpléad S 06.01 agus teimpléad S 06.02 d'Iarscríbhinn III, agus treoracha gaolmhara mar a shonraítear in Iarscríbhinn IV;

b. teimpléad S 07.01, teimpléad S 07.02, teimpléad S 07.04 agus teimpléad S 08.00 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2902 ón gCoimisiún, agus treoracha gaolmhara mar a shonraítear sa Rialachán sin.

27. Ina theannta sin, ba cheart d'eisitheoirí ARTanna agus EMTanna teimpléad S 07.05 d'Iarscríbhinn III, agus treoracha gaolmhara mar a shonraítear in Iarscríbhinn IV, a sholáthar do na SSCSanna ábhartha.

# Iarscríbhinn I – Teimpléid d'eisitheoirí ARTanna agus EMTanna

# Iarscríbhinn II – Treoracha d'eisitheoirí ARTanna agus EMTanna

# Iarscríbhinn III – Teimpléid do SSCSanna

# Iarscríbhinn IV – Treoracha do SSCSanna

# Iarscríbhinn V – SPS agus rialacha bailíochtaithe